

**Leasú 478**  
**Pietro Fiocchi, Nicola Procaccini**  
 thar ceann an Ghrúpa ECR

**Tuarascáil**  
**Frédérique Ries**  
 Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht  
 (COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD))

**A9-0319/2023**

**Togra le haghaidh Rialacháin**  
**Aithris 35**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(35) Is minic a bhíonn an sruth dramhaíola ó bhithdramhaíl éillithe le gnáthphlaistigh agus is **minic** a bhíonn na sruthanna athchúrsála ábhair éillithe le plaistigh inmhúirínithe. Mar thoradh ar an tras-éilliú seo cuirtear amú acmhainní, bíonn **amhábhair thánaisteacha ar cháilíocht níos ísle** ann agus ba cheart é seo a chosc ag an bhfoinse. **Toisc go bhfuil an bealach diúscartha ceart do phacáistíocht phlaisteach inmhúirínithe ag éirí níos mearbhláí do thomhaltóirí**, tá údar maith le agus is gá le rialacha soiléire agus comhchoiteanna a leagan síos maidir le húsáid pacáistíochta plaistigh inmhúirínithe, gan sainordú a dhéanamh **ach amháin** nuair a thugann a úsáid leas soiléir don chomhshaol nó do shláinte an duine. Tá sé sin fíor go háirithe i gcás ina gcuidíonn úsáid phacáistíochta inmhúirínithe le bithdramhaíl a bhailiú nó a dhiúscairt.

(35) Is minic a bhíonn an sruth dramhaíola bithdramhaíola éillithe le gnáthphlaistigh agus, **cé gur lú i bhfad an méid a tharlaíonn sé**, bíonn na sruthanna athchúrsála ábhair éillithe le plaistigh inmhúirínithe **i gcásanna áirithe**. Mar thoradh ar an tras-éilliú seo cuirtear amú acmhainní agus ba cheart é seo a chosc ag an bhfoinse. Tá údar maith agus gá le rialacha soiléire agus comhchoiteanna a leagan síos maidir le húsáid pacáistíochta plaistigh inmhúirínithe, agus sainordú á thabhairt ina leith nuair a bhaineann tairbhe shoiléir lena húsáid don chomhshaol nó do shláinte an duine. Is amhlaidh atá go háirithe i gás ina gcuidíonn úsáid pacáistíochta inmhúirínithe le bithdramhaíl a bhailiú nó a dhiúscairt, **mar shampla i gcás táirgí ina bhfuil an deighilt idir an t-ábhar agus an phacáistíocht an-chasta, amhail málaí tae nó faighneoga caife**.

Or. en

### *Réasúnú*

*Léiríonn na sonraí atá ar fáil gurb é an t-aon mhór-éilliú atá ann ná sruth bithdramhaíola ó ábhair éillitheacha neamh-in-bhithmhíllte (plaistigh thraidisiúnta etc.), agus gur beag plaisteach inmhúirínithe a bhíonn i sruthanna athchúrsála ábhair agus gur féidir é a bhainistiú go héasca. Ba cheart a mheas freisin nach bhfuil aon mhearbhall sna córais dlí sin a bhfuil rialacháin lipéadaithe shoiléire acu agus nach féidir roinnt feidhmeanna a dhéanamh iontu ach amháin in ábhair inmhúirínithe.*

**Leasú 479**  
**Pietro Fiocchi, Nicola Procaccini**  
 thar ceann an Ghrúpa ECR

**Tuarascáil**  
**Frédérique Ries**  
 Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht  
 (COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD))

A9-0319/2023

**Togra le haghaidh Rialacháin**  
**Aithris 36**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(36) Maidir le feidhmeanna pacáistíochta **teoranta** déanta as polaiméirí plaisteacha in-bhithmhille, tá sochair comhshaoil inléirithe ann maidir le pacáistíocht inmhúirínithe a úsáid, a théann isteach i ngléasraí múirínithe, lena n-áirítear áiseanna díleá anaeróbacha faoi choinníollacha rialaithe. **Thairis sin, sa chás ina bhfuil scéimeanna iomchuí bailithe dramhaíola agus bonneagair cóireála dramhaíola ar fáil i mBallstát, ba cheart solúbthacht theoranta a bheith ann maidir le cinneadh a dhéanamh ar cheart úsáid plaistigh inmhúirínithe do mhálaí siopadóireachta plaisteacha éadroma ina chríoch a shainordú. Chun mearbhall tomhaltóirí a sheachaint maidir le diúscairt cheart agus breithniú a dhéanamh ar an sochar comhshaoil a bhaineann le ciorclaíocht an charbóin, ba cheart úsáid a bhaint as gach pacáistíocht phlaisteach eile chun críche athchúrsála ábhair agus ba cheart a áirithiú le dearadh pacáistíochta den sórt sin nach ndéanann sé difear d'in-athchúrsáilteacht sruthanna dramhaíola eile.**

(36) Maidir le **roinnt** feidhmeanna pacáistíochta i gcás pacáistíocht a dhéantar as polaiméirí plaisteacha in-bhithmhille, **go háirithe iad sin a bhaineann le tomhaltas bia**, is léir go bhfuil sochar comhshaoil ag baint le húsáid pacáistíochta inmhúirínithe a théann isteach i ngléasraí múirínithe, lena n-áirítear áiseanna ina ndéantar díleá anaeróbach faoi dhálaí rialaithe. **Chun úsáid pacáistíochta inmhúirínithe a chuidíonn le bailiú nó diúscairt bithdramhaíola a éascú**, ba cheart **athbhreithniú a dhéanamh ar cheanglais EN 13432 ‘Pacáistíocht - Ceanglais maidir le pacáistíocht is in-aisghabhála trí mhúiríniú agus trí bhith-dhíghrádú - Scéim tástála agus critéir mheastóireachta chun glacadh deiridh le pacáistíocht’ a mhéid a bhaineann le hamanna múirínithe, leibhéil cheadaithe éillithe agus srianta ar scaoileadh micreaphlaisteach chun go bhféadfar na hábhair sin a phróiseáil i saoráidí cóireála bithdramhaíola ar bhealach iomchuí. Ina theannta sin, ba cheart caighdeán comhchosúil do mhúiríniú baile a bhunú san Aontas.**

Or. en

**Leasú 480**  
**Pietro Fiocchi, Nicola Procaccini**  
 thar ceann an Ghrúpa ECR

**Tuarascáil**  
**Frédérique Ries**  
 Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht  
 (COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD))

A9-0319/2023

**Togra le haghaidh Rialacháin**  
**Aithris 67**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(67) Chun an cion méadaitheach de phacáistíocht aon úsáide a laghdú agus na méideanna méadaitheacha dramhaíola ó phacáistíocht a ghintear, is gá spriocanna cainníochtúla athúsáide **agus athlíonacháin** a bhunú ar phacáistíocht in earnálacha a measúnaíodh mar na hearnálacha is mó a bhfuil cumas laghdaithe dramhaíola ó phacáistíocht acu, **is é sin bia agus deochanna le haghaidh beir leat**, earraí bána móra agus pacáistíocht iompair. **Rinneadh é seo** a mheas bunaithe ar fhachtóirí amhail na córais le haghaidh athúsáide a bhí ann faoi láthair, an gá atá le pacáistíocht a úsáid agus an fhéidearthacht na ceanglais fheidhmiúla a chomhlíonadh i dtéarmaí srianadh, slachta, sláinte, sláinteachais agus sábháilteachta. Cuireadh difríochtaí na dtáirgí agus a gcórais táirgthe agus dáileacháin san áireamh freisin. Tá coinne leis go dtacóidh leagan amach na spriocanna leis an nuálaíocht agus go méadófar an cion de réitigh **athúsáide agus athlíonacháin**. **Níor cheart úsáid pacáistíochta aon úsáide a cheadú le haghaidh bia agus deochanna a líontar agus a dtomhlaítear laistigh den áitreabh in earnáil na n-óstán, na mbialann agus na gcaiféanna (HORECA).**

(67) Chun an cion méadaitheach de phacáistíocht aon úsáide a laghdú agus na méideanna méadaitheacha dramhaíola ó phacáistíocht **ar cháilíocht íseal** a ghintear, is gá spriocanna cainníochtúla athúsáide a bhunú ar phacáistíocht in earnálacha a measúnaíodh mar na hearnálacha is mó a bhfuil cumas laghdaithe dramhaíola ó phacáistíocht acu, earraí bána móra agus pacáistíocht iompair. **Ina theannta sin, ba cheart spriocanna a thabhairt isteach maidir le húsáid pacáistíochta in-athchúrsáilte atá déanta as ábhair in-athnuaite**. Déantar **é sin** a mheas bunaithe ar fhachtóirí amhail na córais le haghaidh athúsáide a bhí ann faoi láthair, an gá atá le pacáistíocht a úsáid agus an fhéidearthacht na ceanglais fheidhmiúla a chomhlíonadh i dtéarmaí srianadh, slachta, sláinte, sláinteachais agus sábháilteachta. Cuireadh difríochtaí na dtáirgí agus a gcórais táirgthe agus dáileacháin san áireamh freisin. Tá coinne leis go dtacóidh leagan amach na spriocanna leis an nuálaíocht agus go méadóidh sé cion na réiteach **athúsáide chomh maith le cion na hathchúrsála**. **Cuirtear san áireamh sna spriocanna sin gur féidir le formáidí malartacha pacáistíochta aon úsáide, amhail pacáistíocht a dhéantar as ábhair in-athnuaite, an tionchar comhshaoil céanna, nó tionchar dearfach níos fearr, ar an iomlán, a bhaint amach mar**

*phacáistíocht in-athúsáidte nó in-athlíoanta nuair a mheastar iad ar bhonn saolré iomlán.*

Or. en

16.11.2023

A9-0319/481

**Leasú 481**

**Nicola Procaccini, Pietro Fiocchi**  
thar ceann an Ghrúpa ECR

**Tuarascáil**

**A9-0319/2023**

**Frédérique Ries**

Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht  
(COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD))

**Togra le haghaidh Rialacháin**

**Article 3 – paragraph 1 – point 31 a (new)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***(31 a) ciallaíonn ‘in-athchúrsáilteacht’ measúnú ar chomhoiriúnacht na pacáistíochta le bainistiú agus próiseáil dramhaíola de réir dearadh, bunaithe ar bhailiú ar leithligh, sórtáil i sruthanna ar leithligh, athchúrsáil ar scála, nó úsáid ábhar athchúrsáilte in ionad amhábhhar príomhúil;***

Or. en

16.11.2023

A9-0319/482

**Leasú 482**

**Nicola Procaccini, Pietro Fiocchi**  
thar ceann an Ghrúpa ECR

**Tuarascáil**

**A9-0319/2023**

**Frédérique Ries**

Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht  
(COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD))

**Togra le haghaidh Rialacháin**

**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 32 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(32 a) ciallaíonn ‘athchúrsáil  
ardcháilíochta’ aon oibríocht  
aisghabhála, mar a shainmhínítear in  
Airteagal 3, pointe (17), de Threoir  
2008/98/CE lena n-áirithítear go  
gcaomhnófar nó go n-aisghabhfar  
cáilíocht ar leith na dramhaíola a  
bhailítear le linn na hoibríochta  
aisghabhála sin, ionas gur féidir í a  
athchúrsáil agus a úsáid ina dhiaidh sin,  
gan ach méid íosta cainníochta nó  
cáilíochta nó feidhme a chailleadh;*

Or. en

16.11.2023

A9-0319/483

**Leasú 483**

**Pietro Fiocchi, Nicola Procaccini**  
thar ceann an Ghrúpa ECR

**Tuarascáil**

**A9-0319/2023**

**Frédérique Ries**

Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht  
(COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD))

**Togra le haghaidh Rialacháin**

**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 60 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(60 a) ciallaíonn ‘pacáistíocht atá déanta as ábhair inathnuaite’ pacáistíocht atá déanta go hiomlán as ábhair neamh-iontaise inathnuaite de thionscnamh bitheolaíoch, cé is moite d’aon phéint, dúigh, bratuithe mianracha agus greamacháin a úsáidtear sa phacáistíocht;*

Or. en

16.11.2023

A9-0319/484

**Leasú 484**  
**Pietro Fiocchi, Nicola Procaccini**  
thar ceann an Ghrúpa ECR

**Tuarascáil**  
**Frédérique Ries**  
Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht  
(COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD))

**A9-0319/2023**

**Togra le haghaidh Rialacháin**  
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 60 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(60 b) ciallaíonn ‘pacáistíocht bia aonsciar’ pacáistíocht aon úsáide san earnáil HORECA ina bhfuil riar aonair a úsáidtear le haghaidh tarsainn, leasaithe, anlainn, uachtar bréige caife, siúcra agus blastán, a mbíonn teagmháil dhíreach acu le bia agus atá, mar gheall ar shalú bia, níos oiriúnaí don mhúiriniú ná don athchúrsáil;*

Or. en



16.11.2023

A9-0319/485

**Leasú 485**

**Nicola Procaccini, Pietro Fiocchi**  
thar ceann an Ghrúpa ECR

**Tuarascáil**

**Frédérique Ries**

Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht  
(COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD))

**A9-0319/2023**

**Togra le haghaidh Rialacháin**

**Airteagal 4 – mír 4**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

4. *I gcás ina roghnaíonn na Ballstáit ceanglais inbhuanaitheachta náisiúnta nó ceanglais faisnéise, de bhreis ar na cinn siúd a leagtar síos sa Rialachán seo, a choinneáil ar bun nó a thabhairt isteach, ní thiocfaidh na ceanglais sin salach ar na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo agus, maidir le pacáistíocht a chomhlíonann na ceanglais faoin Rialachán seo a chur ar an margadh, ní thoirmiscfidh Ballstáit é sin, ní chuirfidh siad srian leis sin ná ní chuirfidh siad isteach air sin ar chúiseanna a bhaineann le neamhchomhlíonadh na gceanglas náisiúnta sin.*

4. Ní chuirfidh na Ballstáit toirmeasc, srian ná bac ar phacáistíocht a chomhlíonann na ceanglais faoin Rialachán seo a chur ar an margadh ar chúiseanna a bhaineann le neamhchomhlíonadh na gceanglas náisiúnta.

Or. en

16.11.2023

A9-0319/486

**Leasú 486**  
**Pietro Fiocchi, Nicola Procaccini**  
thar ceann an Ghrúpa ECR

**Tuarascáil**  
**Frédérique Ries**  
Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht  
(COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD))

**A9-0319/2023**

**Togra le haghaidh Rialacháin**  
**Airteagal 7 – mír 4**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

4. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1 agus 2 maidir le pacáistíocht phlaisteach inmhúirínithe.

4. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1 ná 2 maidir leis na nithe seo a leanas:

*(a) phacáistíocht phlaisteach inmhúirínithe;*

*(b) dúigh, greamacháin, péinteanna, vearnaisí agus laicir a úsáidtear ar phacáistíocht;*

*(c) aon pháirt phlaisteach arb ionann í agus níos lú ná 10 % de mheáchan iomlán an aonaid pacáistíochta ina iomláine.*

Or. en

16.11.2023

A9-0319/487

**Leasú 487**

**Pietro Fiocchi, Nicola Procaccini**  
thar ceann an Ghrúpa ECR

**Tuarascáil**

**A9-0319/2023**

**Frédérique Ries**

Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht  
(COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD))

**Togra le haghaidh Rialacháin**  
**Airteagal 8 – mír 5 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**5 a. Faoin 31 Nollaig 2025, beidh 50 % ar a laghad de bhunábhar plaisteach bithbhunaithe i bpacáistíocht phlaisteach inmhúirínithe, agus na ceanglais inbhuanaitheachta dá dtagraítear in Airteagal 7(11d) á gcur san áireamh.**

Or. en

*Réasúiní*

*Is é is aidhm don leasú aitheantas a thabhairt don tábhacht a bhaineann le cion íosta d'ábhar bithbhunaithe le haghaidh pacáistíocht inmhúirínithe, i gcomhréir le cur chuige an gheilleagair chiorclaigh agus leis an ngá atá le geilleagar an Aontais a dhícharbónú. Cuireann sé ionstraim thábhachtach iomaíochta ar fáil freisin do chuideachtaí Eorpacha i gcomparáid le táirgeadh na hÁise agus Mheiriceá.*